CEA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Ráiteas Straitéise

## 2026-2028

An tÚdarás Um Fhorfheidhmiú Corparáideach

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Achoimre an Chathaoirligh | 2 |
| Ár misean, ár bhfís, agus ár luachanna | 4 |
| 1. Réamhrá | 6 |
| 2. An comhthéacs ina n-oibrímid | 8 |
| 3. An obair a dhéanaimid | 12 |
| 4. Ár straitéis don tréimhse 2026-2028 | 16 |
| 5. Ár straitéis a chur i gcrích | 24 |
| 6. Cearta an duine agus comhionannas – an dualgas earnála poiblí | 25 |


CEA
Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Achoimre An Chathaoirligh

## Réamhrá

Foráiltear le halt 944G(4) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil Comhalta amháin san Údarás, is é nó í an Comhalta sin an Cathaoirleach. Sa cháil sin, agus de réir fhorálacha alt 944U den Acht, tá áthas orm Ráiteas Straitéise an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach don tréimhse 2026-2028 a chur faoi bhráid an Uasail Peter Burke TD, an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.

## Comhthéacs

Al bhfianaise go bhfuil breis agus 324,000 cuideachta ar an gClár anois, tá an Straitéis seo, a forbraíodh tar éis cleachtadh suntasach comhairliúcháin le geallsealbhóirí, fréamhaithe in Acht na gCuideachtaí, 2014, arb é ár dtreoir é, i gClár an Rialtais agus sa Straitéis nuafhoilsithe ón Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. Sa Pháipéar Bán ar an bhFiontraíocht 2022-2023, ar doiciméad gaolmhar é, leagtar amach sna téarmaí seo a leanas an comhthéacs ina n-oibríonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

> "Coinníoll riachtanach is ea timpeallacht rialála a fheidhmíonn go maith agus a thacaíonn le geilleagar iomaíoch agus táirgiúil. Breathnaíodh ar Éirinn le fada mar thimpeallacht a chuidíonn le forbairt agus le fás na fiontraíochta agus táimid ag feidhmiú go maith i gcónaí thar raon táscairí don timpeallacht ghnó agus rialála."

Leagtar béim sna doiciméid sin ar a thábhachtaí atá ról an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le rannchuidiú le samhail láidir éifeachtach forfheidhmiúcháin chorparáidigh a sholáthar, rud a thacaíonn le fiontair agus le hiomaíochas agus a chosnaíonn leasanna na ngeallsealbhóirí agus an phobail ag an am céanna.

## Ár Misean, ár bhFís, agus ár Luachanna

Anuas ar an méid sin roimhe seo, shocraíomar dúinn féin an misean arb éard é freastal ar leas an phobail, agus leas an phobail a chur chun cinn, trí ardleibhéil chomhlíonta a chinntiú i leith dhlí na gcuideachtaí trí thathant éifeachtach agus trí fhorfheidhmiú comhréireach, láidir agus athchomhairleach.

Is í ár bhfís don todhchaí ná bheith inár ngníomhaireacht forfheidhmiúcháin a bhfuil iontaoibh ag an bpobal aisti agus a bhfuil an-mheas ag ár ngeallsealbhóirí agus ár gcontrapháirtithe uirthi, ar gníomhaireacht í a rannchuidíonn le cosaint phoiblí agus leis an gclú atá ar Éirinn mar gheilleagar sábháilte dea-rialáilte chun infheistiú ann agus chun fostaíocht a chruthú ann, agus is í an Straitéis seo an modh trína bhfuil sé beartaithe againn an fhís sin a shaothrú. Agus an fhís sin á saothrú againn, is iad gairmiúlacht, ionracas, agus neamhspleáchas na croíluachanna a gcloífimid leo.

## Díriú straitéiseach – 2026-2028


Is ar thionchar méadaithe agus ar bhreisluach méadaithe atá díriú uileghabhálach na Straitéise seo, arb í an dara Straitéis uainn í. Tá sé beartaithe againn an cuspóir uileghabhálach sin a bhaint amach trí thrí phríomhstraitéis, eadhon trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

i. *an dóigh a soláthraímid forfheidhmiú éifeachtach a bharrfheabhsú* – leanfaimid dár n-éifeachtacht oibriúcháin agus dár n-athléimneacht a fhorbairt trí thiomantas do cháilíocht agus d'fheabhsú leanúnach, trí leanúint de leas a bhaint as an teicneolaíocht, agus trí chomhairle agus aiseolas ardchaighdeáin a sholáthar don Aire agus dá Roinn maidir le nithe dlí cuideachtaí.

ii. *ár ngeallsealbhóirí a chumhachtú* – bainfimid é sin amach trí fheabhas a chur ar ár staid mar fhoinse iontaofa faisnéise ardchaighdeáin agus neamhchlaonta faoi dhlí na gcuideachtaí agus faoi nithe gaolmhara, trí leanúint dár gcaidreamh le piaraí agus contrapháirtithe intíre agus idirnáisiúnta a thógáil agus a fhorbairt, trí dhul chun cinn a dhéanamh ar ár staid mar ghlór atá aitheanta agus a bhfuil meas air sa tírdhreach rialála agus forfheidhmiúcháin, agus trí leanúint de thionchar ár gcumarsáide lenár ngeallsealbhóirí a mhéadú.

iii. *infheistiú inár ndaoine* – bainfimid é sin amach trí leanúint d'fheabhas a chur ar staid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach mar roghfhostóir, trí éagsúlacht, cothromas agus cuimsiú a chothú, agus tríd an gcreideamh seanbhunaithe domhain atá againn in oiliúint, forbairt agus oideachas ar feadh an tsaoil, agus tríd an tiomantas atá againn dóibh sin.

Tríd an acmhainn atá ar fáil ag an leibhéal sin a mhéadú go mór chun an Straitéis seo a chur i gcrích, is é an toradh a bheidh ar an leathnú atá le teacht ar chomhlacht rialaithe an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, mar aon le hailíniú gaolmhar na struchtúr eagraíochtúil, ná go ndéanfar an soláthar aschuir ardchaighdeáin a bhrú chun cinn agus a fhormhaoirsiú, go ndéanfar ardfheidhmíocht a éascú agus a bhrú chun cinn, agus go ndéanfar tuilleadh comhoibrithe tras-Stiúrthóireachta a chur chun cinn agus a éascú, agus ar an gcaoi sin ár gcuspóir uileghabhálach a bhaint amach maidir lenár dtionchar a mhéadú agus le luach a chur leis an bpobal a bhfreastalaímid air.



**Ian Drennan**
Cathaoirleach

*28 Nollaig 2025*



# Ár Misean

**Freastal ar leas an phobail, agus leas an phobail a chur chun cinn, trí ardleibhéil chomhlíonta a chinntiú i leith dhlí na gcuideachtaí trí thathant atá éifeachtach agus trí fhorfheidhmiú comhréireach, láidir agus athchomhairleach.**

# Ár bhFís

**Gníomhaireacht forfheidhmiúcháin a bhfuil iontaoibh ag an bpobal aisti agus a bhfuil an-mheas ag ár ngeallsealbhóirí agus ár gcontrapháirtithe uirthi, ar gníomhaireacht í a rannchuidíonn le cosaint phoiblí agus leis an gclú atá ar Éirinn mar gheilleagar sábháilte dea-rialáilte chun infheistiú ann agus chun fostaíocht a chruthú ann.**

# Ár Luachanna

## GAIRMIÚLACHT

Gníomhaímid go gairmiúil, agus muid ag obair le leas an phobail agus ag iarraidh i gcónaí cloí leis na caighdeáin is airde

## IONRACAS

Gníomhaímid le hionracas, lena n-áirítear trí urraim a thabhairt do rúndacht na faisnéise a chuirtear faoinár gcúram agus muid i mbun ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh

## NEAMHSPLEÁCHAS

Gníomhaímid go neamhspleách, agus cinntí oibiachtúla á ndéanamh bunaithe ar na fíorais agus gan eagla agus gan fabhar

# 1 Réamhrá

## An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa bhliain 2022 faoi Acht na gCuideachtaí, 2014[1] (Acht 2014), agus is é gníomhaireacht na hÉireann um fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí é. Faoi Acht 2014[2], áirítear lenár bhfeidhmeanna:

- comhlíonadh Acht 2014 a spreagadh,
- imscrúdú a dhéanamh orthu se:
  - cásanna ina bhfuil cionta amhrasta faoi Acht 2014,
  - cásanna eile ina bhfuil neamhchomhlíonadh amhrasta Acht 2014 ann nó ina bhfuil neamhchomhlíonadh na ndualgas agus na n-oibleagáidí a bhfuil cuideachtaí agus a n-oifigigh faoina réir ann,
- Acht 2014 a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear trí chionta a ionchúiseamh trí bhíthin imeachtaí achoimre,
- faoi rogha an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, cásanna a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun a chreidiúint go ndearnadh cion indíotáilte faoi Acht 2014,
- ról maoirseachta a fheidhmiú ar ghníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí agus iad i mbun a bhfeidhmeanna faoi Acht 2014,

Tá feidhmeanna ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoin Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní[3] freisin.

1. https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2014/act/38/revised/en/pdf?annotations=false
2. Alt 944D.
3. An tAcht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní, 2015.

## Ár n-acmhainní

Agus líon foirne ceadaithe is ionann agus breis agus 90 fostaí agus buiséad bliantúil de bhreis agus €11m aige, is gníomhaireacht ildisciplíneach é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Ar na scileanna agus an saineolas atá ar fáil dúinn tá gairmithe cuntasaíochta, gairmithe dlí, gairmithe fóiréinsice digití, comhaltaí ar iasacht den Gharda Síochána, agus gairmithe comhlíonta agus forfheidhmiúcháin.

## Ár bpríomhshruthanna oibre

Ag eascairt as ár bhfeidhmeanna reachtúla, áirítear lenár bpríomhshruthanna oibre tathant (comhlíonadh a spreagadh), forfheidhmiú sibhialta, maoirseacht ar an bpróiseas dócmhainneachta corparáidí, agus forfheidhmiú coiriúil. Faigheann na foirne atá gafa leis na sruthanna oibre sin tacaíocht ó fhoirne a bhfuil freagracht orthu as rialachas, as gnóthaí dlí, as acmhainní daonna, as fóiréinsic dhigiteach, as cumarsáid, as airgeadas, agus as TFC.

## Cuntasacht agus trédhearcacht

### Cuntasacht

Faoi Acht 2014, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cuntasach don Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (an tAire), do Thithe an Oireachtais agus dá Choistí, agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá sé cuntasach do na Cúirteanna freisin. De bhreis ar thacaíochtaí tábhachtacha a sholáthar, déanann an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (an Roinn), de bhun a hoibleagáidí rialachais, feidhm thábhachtach formhaoirseachta agus cuntasachta a fheidhmiú maidir leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Ag eascairt as an gcaidreamh sin:

- déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an Roinn Comhaontú Formhaoirseachta agus Soláthar Feidhmíochta ar bhonn bliantúil,
- tagann Aonad Idirchaidrimh na Roinne agus lucht bainistíochta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach le chéile gach ráithe,
- buaileann ionadaithe sinsearacha an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach le Bord Bainistíochta na Roinne gach bliain, agus
- Buaileann lucht ceannaireachta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach leis an Aire agus/nó lena Airí Stáit ar bhonn tréimhsiúil.

Mar ghníomhaireacht Stáit, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú freisin.

### Trédhearcacht

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi réir dualgas reachtúil rúndachta. Lasmuigh de pharaiméadair an dualgais sin, cloíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le luach earnála poiblí na trédhearcachta, agus glacann sé leis, agus é ag déileáil leis an bpobal.

# 2

# An Comhthéacs Ina nOibrímid



## Clár an Rialtais agus an beartas Rialtais

Is i gClár an Rialtais 2025: T*odhchaí na hÉireann a Dhaingniú*[4], agus sa *Pháipéar Bán ar an bhFiontraíocht 2022-2030*[5] ón Rialtas atá an comhthéacs le haghaidh ghníomhaíochtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach leagtha amach. Mar atá luaite sa Pháipéar Bán:

> **“Coinníoll riachtanach is ea timpeallacht rialála a fheidhmíonn go maith agus a thacaíonn le geilleagar iomaíoch agus táirgiúil. Breathnaíodh ar Éirinn le fada mar thimpeallacht a chuidíonn le forbairt agus le fás na fiontraíochta agus táimid ag feidhmiú go maith i gcónaí thar raon táscairí don timpeallacht ghnó agus rialála.”**

I gClár an Rialtais, tugtar gealltanas go ndéanfar straitéis nua fiontraíochta (Fiontraíocht 2035) a fhoilsiú, rud ina mionsonrófar uaillmhian fhadtéarmach le haghaidh fás fiontar agus le haghaidh cruthú post sna deich mbliana atá romhainn. Gabhfaidh an straitéis sin in ionad an Pháipéir Bháin, agus díriú á choinneáil ar láidreachtaí na hÉireann a thógáil mar gheilleagar oscailte ag a bhfuil trádáil láidir, infheistíocht dhíreach eachtrach láidir, éiceachóras beoga nuálaíochta, agus margadh athléimneach saothair, agus é ag dul i dtaithí freisin ar dhúshláin nua i ndomhan a bhíonn ag éirí níos éiginnte. Táthar ag súil go bhfoilseofar an straitéis nua i gcéad leath na bliana 2026.

Tugtar gealltanas i gClár an Rialtais freisin go dtógfar acmhainn chun dul i ngleic le coireacht an bhóna bháin agus go bhfoilseofar Plean Gníomhaíochta nua chun dul i ngleic le coireacht eacnamaíoch agus le héilliú.

Leagtar béim sna doiciméid sin ar a thábhachtaí atá ról an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le rannchuidiú le samhail láidir éifeachtach

4. https://assets.gov.ie/static/documents/programme-for-government-securing-irelands-future.pdf
5. https://enterprise.gov.ie/en/publications/publication-files/white-paper-on-enterprise-2022-2030.pdf

forfheidhmiúcháin chorparáidigh a sholáthar, rud a thacaíonn le fiontair agus le hiomaíochas agus a chosnaíonn leasanna na ngeallsealbhóirí agus an phobail ag an am céanna.

## An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta – Ráiteas Straitéise


Mar ghníomhaireacht a thagann faoi shainchúram na Roinne, tá sé mar aidhm ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a straitéis a ailíniú le tosaíochtaí agus spriocanna straitéiseacha na Roinne. Foráiltear leis an *Ráiteas Straitéise 2025-2028*[6] ón Roinn (Sprioc 5) go ndéanfaidh an Roinn:

- timpeallacht rialála gnó na hÉireann a fheabhsú, trí dheireadh a chur le hualaí rialála nó riaracháin neamhriachtanacha ar ghnó agus chun cur chun feidhme na Tástála FBM ar fud an Rialtais a fheabhsú chun a chinntiú go bhfuil ualaí riaracháin agus costais íoslaghdaithe nó maolaithe,
- a chinntiú go gcosnaíonn ár dtimpeallacht rialála gnó tomhaltóirí, go dtacaíonn sí le caighdeáin éifeachtacha d'fhiontair agus d'fhostaithe, agus go spreagtar infheistíocht sa gheilleagar, agus
- tacú leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a shainordú a chomhlíonadh go héifeachtach.

Rud eile atá ábhartha is ea Sprioc 1 faoi straitéis na Roinne, rud a bhaineann le hiomaíochas a bhrú chun cinn. Rud sonrach, tá rún daingean ag an Roinn an timpeallacht is tacúla do ghnólachtaí Éireannacha agus an suíomh is mealltaí do ghnólachtaí nuathionscanta agus d'infheistíocht isteach a dhéanamh d'Éirinn.

## An líon cuideachtaí ar an gclár agus a gcomhdhéanamh

Dar leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO), bhí breis agus 324,000 cuideachta ar an gclár amhail an 31 Nollaig 2024[7]. Tá na cuideachtaí sin na foirmeacha seo a leanas.




- ba chuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna (Teo.) iad 89% de chuideachtaí (thart ar 290,000 cuideachta),
- ba chuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta (CTR) iad 6% de chuideachtaí (thart ar 20,000 cuideachta),
- ba chuideachtaí gníomhaíochta ainmnithe (CGA) iad 2% de chuideachtaí (thart ar 6,000 cuideachta),
- ba chuideachtaí neamhtheoranta (CNT) iad 2% de chuideachtaí (thart ar 6,000 cuideachta),
- ba chuideachtaí seachtracha iad 1% de chuideachtaí (thart ar 3,000 cuideachta), agus
- ní raibh ach cion an-bheag den líon foriomlán cuideachtaí ina bhfoirmeacha eile cuideachta, e.g., cuideachtaí poiblí teoranta/cuideachtaí neamhtheoranta.

Feidhmíonn na cuideachtaí sin le haghaidh raon leathan cuspóirí, lena n-áirítear fiontair thráchtála, gníomhaíochtaí neamhbhrabúis, agus carthanais.

6. https://enterprise.gov.ie/en/publications/publication-files/statement-of-strategy-2025-2028.pdf
7. Foinse: Tuarascáil Bhliantúil 2024 ó CRO (https://cro.ie/wp-content/uploads/2025/07/CRO-Annual-Report-2024-Final-ENG.pdf).

## Comhdhéanamh fhiontair na hÉireann

Tá cuideachtaí agus eintitis neamhchorpraithe araon i gceist le gnólachtaí na hÉireann. Sa ghrafaic thíos, tugtar forbhreathnú ar scála ghnólachtaí na hÉireann, arna thomhas de réir an lín fostaithe[8].

**99.8%**

is Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) iad 99.8% de ghnólachtaí in Éirinn (i.e., **gnólachtaí a bhfuil níos lú ná 250 fostaí acu**),

**92.2%**

is micrifhiontair iad 92.2% de ghnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn (i.e., **gnólachtaí a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe acu**),

**6.4%**

is gnólachtaí beaga iad 6.4% de ghnólachtaí in Éirinn (i.e., **gnólachtaí a bhfuil líon idir deichniúr fostaithe agus 49 bhfostaí acu**),

**1.2%**

is gnólachtaí meánmhéide iad 1.2% de ghnólachtaí in Éirinn (i.e., **gnólachtaí a bhfuil líon idir 50 fostaí agus 249 bhfostaí acu**), agus

**0.2%**

níl ach 0.2% de ghnólachtaí in Éirinn ina ngnólachtaí móra, i.e., **gnólachtaí a bhfuil níos mó ná 250 fostaí acu**.

8. Foinse: Tástáil FBM na hÉireann, an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (2024).

## Ionchas eacnamaíoch

Luaitear san *Achoimre ar Ionchas Geilleagrach agus Fioscachy*[9] ón Rialtas gur dóigh go mbeidh éifeacht mhaolaitheach éigin ag taraifí níos airde ar an trádáil, agus go nglactar leis go mbeidh tionchar diúltach ag leibhéil ardaithe éiginnteachta ar an infheistíocht. Meastar go dtiocfaidh méadú 2.9% ar chaiteachas tomhaltóirí i mbliana agus go dtiocfaidh méadú 2.3% air sa bhliain 2026. Meastar go dtiocfaidh méadú 2.2% ar fhostaíocht (62,000 post) sa bhliain 2025 agus go dtiocfaidh méadú 1.5% uirthi (41,000 post) sa bhliain 2026. Meastar go dtiocfaidh méadú beag bídeach ar an ráta dífhostaíochta idir an dá linn, cé go bhfanfaidh sé faoi bhun 5%. Luaitear freisin sa doiciméad:

> "Is déthaobhach atá na rioscaí don ionchas eacnamaíoch, cé go bhfuil siad claonta i dtreo an taoibh anuas; is rioscaí seachtracha den chuid is mó iad na rioscaí sin. Thar aon rud eile, d'fhéadfadh drochthionchar ar gheilleagar na hÉireann a bheith ag meath sa gheilleagar idirnáisiúnta, rud a d'fhéadfadh teacht as méadú breise ar an teannas geopholaitiúil, mar shampla."

Ar leithligh, leagtar amach in anailís a rinne an Banc Ceannais le déanaí (Feasachán R2 2025)[10] an t-ionchas reatha do gheilleagar na hÉireann, agus aird á tarraingt ar na dúshláin a d'fhéadfadh teacht as dinimic dhomhanda a bhíonn ag athrú:

> "Ós rud é go mbíonn an cúlra eacnamaíoch domhanda ag leanúint ar aghaidh ag athrú, is gné chomhsheasmhach a mhúnlaíonn an dearcadh do gheilleagar na hÉireann fós í an éiginnteacht mhéadaithe. Mar gheilleagar beag oscailte ag a bhfuil caidrimh shuntasacha trádála agus infheistíochta leis na Stáit Aontaithe agus leis an Aontas Eorpach, tá Éire ag fulaingt na n-iarmhairtí atá ag eascairt as caidrimh gheo-eacnamaíocha agus tosaíochtaí geo-eacnamaíocha a bhíonn ag athrú, agus is féidir a mheas go leanfaidh sí de na hiarmhairtí sin a fhulaingt…"

> "… Ní slán ó fhorbairtí geo-eacnamaíocha atá na hionchais d'onnmhaireoirí faoi úinéireacht Éireannach agus d'infheistíocht intíre agus do thomhaltas intíre. Cé gur mhaolaigh tionchar na héiginnteachta níos airde agus na dtaraifí éifeachtacha níos airde ón réamhaisnéis roimhe sin i mí an Mhárta an t-ionchas lárnach don gheilleagar intíre tuilleadh, tá sé fós measartha fabhrach go dtí an bhliain 2027."

## Treochtaí dócmhainneachta corparáidí

Tháinig laghdú suntasach ar leibhéal na ndócmhainneachtaí corparáideacha le linn phaindéim COVID-19. Mar is féidir a fheiceáil ón gcairt thíos, tá leachtuithe dócmhainneacha tar éis filleadh ar na leibhéil roimh phaindéim COVID-19 le déanaí.

| Bliain | Dócmhainneachtaí Corparáideacha |
|---|---|
| 2019 | 536 |
| 2020 | 492 |
| 2021 | 302 |
| 2022 | 427 |
| 2023 | 632 |
| 2024 | 734 |
| Iomlán | 3,123 |

Tugtar le fios inár n-anailís ar thuarascálacha leachtaitheoirí gurb iad na cúiseanna le formhór mór na dteipeanna corparáideacha ná tosca maicreacnamaíocha, amhail méaduithe ar chostais ionchuir agus éiginnteacht sa timpeallacht ghnó de dheasca forbairtí idirnáisiúnta, mar a luadh san Fheasachán ón mBanc Ceannais atá luaite thuas.

9. https://assets.gov.ie/static/documents/290b4af7/Budget_2026_-_Economic_and_Fiscal_Outlook_Summary.pdf
10. https://www.centralbank.ie/publication/quarterly-bulletins/quarterly-bulletin-q2-2025

3

# An Obair a Dhéanaimid



## An cuspóir atá le dlí na gcuideachtaí

Is é príomhchuspóir dhlí na gcuideachtaí ná gníomhaíocht fiontraíochta a éascú agus a spreagadh agus, dá réir sin, cruthú post a éascú agus a spreagadh trí fhoráil a dhéanamh d'fhoirmeacha éagsúla cuideachta a chorprú. De bhreis air sin, úsáidtear cuideachtaí mar ghléasanna chun gnó na n-eintiteas amhail carthanais agus fiontair neamhbhrabúis eile a sheoladh. Éascaítear leanúnachas le dlí na gcuideachtaí agus foráiltear leis do phearsantacht dhlítheanach agus dliteanas teoranta ar leith, rud lena sriantar neamhchosaint phearsanta ar riosca airgeadais. I gcomaoin na bpribhléidí sin, leagtar síos le dlí na gcuideachtaí creat ar laistigh de:

- atáthar ag súil leis go n-oibreoidh stiúrthóirí cuideachta,
- nach mór ceanglais áirithe trédhearcachta a chomhlíonadh,
- a thugtar cosaintí áirithe do chomhaltaí/scairshealbhóirí, do chreidiúnaithe agus don mhórphobal, agus
- a fhoráiltear do chuntasacht trí smachtbhannaí éagsúla, idir smachtbhannaí sibhialta agus smachtbhannaí coiriúla, i leith cineálacha áirithe neamhchomhlíonta.

## Cuspóir ár gcuid oibre

Tá dhá ghné i gceist lenár gcuspóir:

i. **comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh.** Déanaimid é sin trí fhaisnéis agus treoir inrochtana a sholáthar maidir le rud atá ina ábhar casta in amanna. Tá sé mar aidhm lenár ndoiciméid faisnéise agus treorach cabhrú le stiúrthóirí cuideachta, le comhaltaí/scairshealbhóirí, le creidiúnaithe, agus le geallsealbhóirí eile a gcuid dualgas agus ceart faoi dhlí na gcuideachtaí a thuiscint. Trí ghníomhaíocht for-rochtana agus caidrimh, tugaimid ár dteachtaireacht chuig ár spriocphobail freisin.

ii. **cásanna amhrasta a bhfuil neamhchomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí iontu a imscrúdú.**
I gcás go dtabharfar le fios san fhianaise nár comhlíonadh dlí na gcuideachtaí, déanaimid gníomhaíocht chuí. Tugadh cumhachtaí reachtúla suntasacha dúinn chun an obair sin a dhéanamh, lena n-áirítear an chumhacht chun éilimh agus ordacháin a eisiúint, an chumhacht chun imeachtaí sibhialta a thionscnamh, an chumhacht chun ionchúisimh choiriúla a thionscnamh nó chun nithe a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, agus an chumhacht chun faisnéis a chomhroinnt le comhlachtaí eile rialála agus forfheidhmiúcháin.

## Ráiteas Straitéise: 2022-2025

### Gníomhaíochtaí

Foráiltear le hAcht 2014 go n-ullmhóidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach Ráiteas Straitéise gach trí bliana[11]. Is é seo an dara Ráiteas Straitéise ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an gcéad Ráiteas Straitéise ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (2022-2025[12]), rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach na nithe seo a leanas:

- na struchtúir rialachais a ceanglaíodh le hAcht 2014 agus a ghabhann le gníomhaireacht a thagann faoi raon feidhme an Chóid a chur chun feidhme agus a leabú. Áiríodh leis sin:
  - Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú,
  - feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí a chur i bhfeidhm, agus
  - cur i bhfeidhm a dhéanamh ar na próisis is gá chun tacú leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus lenár nIniúchóirí Inmheánacha agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna agus a bhfreagrachtaí faoi seach,
- bearta éagsúla a dhéanamh chun ár gcumas oibríochtúil a thógáil tuilleadh. Rud a bhí ríthábhachtach chuige sin ba ea go bhfuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a cheadúnas earcaíochta féin, rud a chuireann ar ár gcumas ár bpróisis earcaíochta féin a bhainistiú agus, dá réir sin, cinntítear go mbainimid leas as an mbuíon daoine tallannacha is leithne is féidir,
- ár suíomh Gréasáin agus ár mbranda corparáideach a sheoladh,
- leanúint de bhaill foirne a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha agus taithí oiriúnach acu a earcú,
- leanúint d'infheistiú in oideachas foirne, in oiliúint foirne agus i bhforbairt foirne,
- ár luachanna eagraíochta, arb éard iad gairmiúlacht, neamhspleáchas agus ionracas, a roghnú trí phróiseas comhairleach lenár mbaill foirne,
- gabháil do ghníomhaíochtaí éagsúla a bhfuil mar aidhm leo ár láithreacht a bhunú i measc príomh-gheallsealbhóirí. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí sin dhá chomhdháil fhíor-rathúla de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ag a bhfuair na toscairí aithisc ó shaineolaithe éagsúla, lenar áiríodh Airí, daoine de na breithiúna, cleachtóirí agus acadóirí) agus rannpháirtíocht ionadaithe an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach i bpodchraoltaí agus in agallaimh le hasraonta éagsúla meán,
- ábhar treorach ullmhaithe agus foilsithe ar shaincheisteanna tráthúla, lena n-áirítear:
  - córas táscairí uirlisí luathrabhaidh a sholáthar do stiúrthóirí cuideachtaí nuair atá a gcuideachtaí i mbaol dócmhainneachta,
  - nó an ceanglas ar stiúrthóirí cuideachta uimhreacha PSP a sholáthar agus doiciméid áirithe á gcomhdú acu,

11. Alt 944U.
12. Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i lár na bliana 2022. Chun críche Ráitis Straitéise a ailíniú le blianta féilire san fhadtéarma, cumhdaíodh leis an gcéad Ráiteas Straitéise ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an tréimhse ó mhí Iúil 2022 go mí na Nollag 2025.

  - treoir a thabhairt maidir le glacadh le stiúrthóireachtaí cuideachta in imthosca áirithe, agus
  - treoir ghinearálta a thabhairt maidir le dícháiliú ó ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta, agus díriú ar leith á leagan ar dhícháiliú tar éis ciontú ar dhíotáil i gcionta áirithe[13],
- gabháil do ghníomhaíochtaí éagsúla forfheidhmiúcháin shibhialta agus choiriúil, lena n-áirítear sna foirmeacha seo a leanas:
  - srianadh agus dícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha a áirithiú tríd an bpróiseas gealltanais, ar bearta cosanta poiblí iad sin araon,
  - oibleagáid a chur ar leachtaitheoirí iarratais ar shrianadh a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt i gcás go raibh fianaise ann nár chomhlíon stiúrthóirí na caighdeáin iompraíochta a cheanglaítear orthu a chomhlíonadh faoi dhlí na gcuideachtaí,
  - comhlíonadh cuideachtaí agus stiúrthóirí a áirithiú ar bhonn deonach/neamhfhoirmiúil, i.e., gan dul i muinín ár gcumhachtaí reachtúla,
  - comhlíonadh cuideachtaí agus stiúrthóirí (agus daoine eile) a áirithiú trí ordacháin reachtúla a eisiúint,
  - a chinntiú, trína n-idirghabhálacha, gur cloíodh le cearta chomhaltaí/scairshealbhóirí na cuideachta,
  - comhlíonadh cuideachtaí agus stiúrthóirí (agus daoine eile) a áirithiú trí imeachtaí Ard-Chúirte a thionscnamh,
  - caidreamh fairsing a dhéanamh le stiúrthóirí cuideachta srianta atá ag lorg a bhfaoisimh ó shrianadh, agus iarratais a bheith á dtarraingt siar nó á ndeonú ag an Ard-Chúirt faoi réir coinníollacha dochta,
  - páirt a ghlacadh i ndlíthíocht iomchuí Ard-Chúirte mar Pháirtí Fógra (e.g., i gcás gur iarr páirtithe eile go gceapfaí Cigirí),
  - nithe a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú aige maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh choiriúla a ordú,
  - tacú leis an bpróiseas trialach i gcás gur ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cúisimh,
  - faisnéis iomchuí agus ábhair imní iomchuí a tharchur chuig comhlachtaí eile rialála agus forfheidhmiúcháin de réir mar a mheastar is gá,
- leanúint de chaidrimh a chothú agus a fhorbairt lenár gcuid piaraí agus contrapháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta.

13. https://cea.gov.ie/en-ie/Publications/Information-Notes

## Tionchar

I measc na n-iarmhairtí a eascraíonn as an ngníomhaíocht thuas bhí:

- struchtúir agus próisis rialachais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a leabú agus a neartú,
- láithreacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú i measc a spriocghrúpaí geallsealbhóirí,
- feasacht agus tuiscint fheabhsaithe i measc ár spriocphobal ar an ról atá ag stiúrthóirí cuideachta agus ar na freagrachtaí atá orthu agus ar na cearta atá ag grúpaí amhail comhaltaí/scairshealbhóirí agus creidiúnaithe,
- feasacht mhéadaithe ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus ar a thoilteanas le gníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh i gcás go bhfuil údar léi,
- an pobal a chosaint trí ghníomhaíochtaí maoirseachta dócmhainneachta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, lena n-áirítear gealltanais maidir le srian agus maidir le dícháiliú a thairiscint do stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha agus ceangal a chur ar leachtaitheoirí caingean Ard-Chúirte a thionscnamh in aghaidh stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha,
- smachtbhannaí i leith éagóiritheoireachta a bheith á bhforchur i bhfoirm pionós a ghearrann na cúirteanna coiriúla, agus an éifeacht athchomhairleach a ghabhann leis sin.

4

# Ár Straitéis Don Tréimhse 2026-2028



## Próiseas forbartha na Straitéise

Agus an Ráiteas Straitéise seo á fhorbairt aige, chuaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i gcomhairle lena fhoireann agus le geallsealbhóirí éagsúla, lenar áiríodh an Roinn, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, an Garda Síochána, Cuntasóirí Cairte Éireann (an comhlacht cuntasaíochta gairmiúil is mó in Éirinn), agus IBEC (an grúpa ionadaíoch gnó is mó in Éirinn). Rinne sainchomhairleoir seachtrach an próiseas comhairliúcháin a éascú. Bhain an sainchomhairleoir sin úsáid as roinnt modheolaíochtaí, lenar áiríodh cruinnithe duine le duine, suirbhé ar gheallsealbhóirí, agus ceardlanna grúpa. A bhuí leis an aiseolas a bailíodh tríd an bpróiseas comhairliúcháin, tugadh léargas luachmhar ar thosaíochtaí ár ngeallsealbhóirí agus ar a gcuid dearcthaí agus tuairimí maidir leis na nithe a dhéanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go maith, maidir leis na réimsí a bhféadfaimis feabhas a bhaint amach iontu, agus maidir leis na nithe a d'fhéadfaimis a dhéanamh ar bhonn níos leithne.

Ba mhaith leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhuíochas a ghabháil leis na daoine aonair agus na heagraíochtaí uile a thóg an t-am chun a n-aiseolas luachmhar a sholáthar.

## An treo sa todhchaí

Thar shaolré ár straitéise don tréimhse 2026-2028, tá rún daingean ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ár sainordú a chomhlíonadh ar mhodh a bhfuil tionchar aige, atá éifeachtach, agus a chuireann luach lenár ngeallsealbhóirí trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:


- ár gcuid gníomhaíochtaí agus tairiscintí tathanta a mhéadú go suntasach thar an tréimhse,
- leanúint d'infheistiú sa teicneolaíocht agus de leas a bhaint aisti, go háirithe inár ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin,

- leanúint d'fheabhas a chur ar cháilíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht ár ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin,
- an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a shuí mar ghlór atá údarásach agus a bhfuil meas air inár réimse saineolais,
- leanúint d'infheistiú inár sócmhainn is luachmhaire, mar atá ár ndaoine, agus
- leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar stádas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach mar rogha tharraingteach d'fhostaithe ionchasacha.

## Ár gcuspóir straitéiseach uileghabhálach

Don tréimhse 2026-2028, shocraíomar dúinn féin an cuspóir straitéiseach uileghabhálach arb éard é ár dtionchar a mhéadú agus tuilleadh luacha a sholáthar dár ngeallsealbhóirí. Bainfimid an cuspóir sin amach trí thrí Sprioc Straitéiseacha a shaothrú thar an tréimhse.

**TIONCHAR MÉADAITHE AGUS BREISLUACH MÉADAITHE TRÍ NA NITHE SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**



# Sprioc Straitéiseach 1 – An dóigh a soláthraímid forfheidhmiú éifeachtach a bharrfheabhsú

Cuspóir: Éifeachtacht, stóinseacht agus athléimneacht ár bpróiseas forfheidhmiúcháin a fheabhsú trí fheabhsú leanúnach, trí leas a bhaint as an teicneolaíocht, agus trí chomhairle agus aiseolas ardchaighdeáin a sholáthar maidir le nithe dlí cuideachtaí.

**TIONCHAR MÉADAITHE AGUS BREISLUACH MÉADAITHE TRÍD AN DÓIGH A SOLÁTHRAÍMID FORFHEIDHMIÚ ÉIFEACHTACH A BHARRFHEABHSÚ**

- Feabhas a chur ar ár bpróisis forfheidhmiúcháin trí fheabhsú leanúnach
- Leas a bhaint as an teicneolaíocht
- Comhairle agus aiseolas ardchaighdeáin a sholáthar maidir le nithe dlí cuideachtaí

## Gníomhartha tosaíochta:

i. Cur chun feidhme a dhéanamh ar struchtúir agus socruithe eagraíochtúla athbhreithnithe lena mbaintear leas as Comhaltaí breise a cheapadh chuig an Údarás.

ii. Leanúint dár n-éifeachtacht oibríochtúil agus dár n-athléimneacht oibríochtúil a fhorbairt, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas:

- leanúint de bhunluach na gairmiúlachta a leabú isteach inár bpróisis,
- cultúr tiomantais do cháilíocht agus d'fheabhsú leanúnach ar fud na heagraíochta,
- tuilleadh comhoibriú tras-Stiúrthóireachta, agus
- a chinntiú go mbeidh ár bpróisis oibríochtúla ag teacht lenár gcuid dualgas agus oibleagáidí maidir le cearta an duine agus le comhionannas.

iii. Cur chuige um thús áite don teicneolaíocht dhigiteach a ghlacadh trí leas a bhaint as an teicneolaíocht, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas:

- straitéis nua TF a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna cibearshlándála atá ag teacht chun cinn,
- Córas nua Bainistíochta Cásanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme,
- leas a bhaint as socruithe feabhsaithe maidir le comhroinnt sonraí lenár gcomhpháirtithe sa Roinn agus san Oifig um Chlárú Cuideachtaí faoi seach,
- leanúint de leas a bhaint as an bhfóiréinsic dhigiteach agus as uirlisí gaolmhara agus as réitigh ghaolmhara,
- fiosrú a dhéanamh ar úsáid a bhaint as teicneolaíocht Intleachta Saorga, a mhéid is cuí, laistigh dár bpróisis forfheidhmiúcháin.

iv. Rannchuidiú le feabhas leanúnach a chur ar dhlí na gcuideachtaí trí bheith inár mball den Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí agus dá Choistí agus trí chomhairle agus aiseolas a sholáthar maidir le saincheisteanna reachtacha a thagtar orthu le linn ár ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin.

## Bunspriocanna inghnóthaithe:

- Leas éifeachtach a bhaint as na deiseanna a ghabhann le struchtúr Údaráis leathnaithe.
- Próisis forfheidhmiúcháin ardchaighdeáin, atá bunaithe ar ghairmiúlacht agus ar thiomantas leanúnach do cháilíocht agus d'fheabhsú leanúnach, agus lena soláthraítear aschuir éifeachtacha agus torthaí éifeachtacha.
- Próisis forfheidhmiúcháin a bhaineann leas éifeachtach as an teicneolaíocht.
- Próisis reachtacha dlí cuideachtaí a bhaineann tairbhe as ár gcuid comhairle agus aiseolais, arna ngnóthú trínár dtaithí oibríochtúil.

# Sprioc Straitéiseach 2 – Ár ngeallsealbhóirí a chumhachtú

Cuspóir: Tuilleadh feabhais a chur ar ár stádas mar fhoinse iontaofa faisnéise agus treorach ardchaighdeáin ar nithe a bhaineann le dlí na gcuideachtaí, tógáil ar chaidrimh atá ann cheana lenár bpiaraí, lenár gcontraphháirtithe agus lenár gcomhpháirtithe agus leanúint de chaidrimh nua leo a fhorbairt, agus dul chun cinn a dhéanamh ar ár stádas mar ghlór atá aitheanta agus a bhfuil meas air i réimse na rialála agus an fhorfheidhmiúcháin.

**TIONCHAR MÉADAITHE AGUS BREISLUACH MÉADAITHE TRÍNÁR NGEALLSEALBHÓIRÍ A CHUMHACHTÚ**

- Feabhas a chur ar ár stádas mar fhoinse iontaofa faisnéise ardchaighdeáin
- Tógáil ar ár gcaidrimh atá ann cheana, agus caidrimh nua a fhorbairt
- Dul chun cinn a dhéanamh ar ár stádas mar ghlór atá aitheanta agus a bhfuil meas air i réimse na rialála agus an fhorfheidhmiúcháin

## Gníomhartha tosaíochta:

i. Straitéis cumarsáide corparáidí nua atá dírithe ar thionchar a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

ii. Clúdach, tionchar agus éifeachtacht ár gcaidrimh le geallsealbhóirí a mhéadú trí shainaithint a dhéanamh ar chainéil nua chun teacht ar ár spriocphobail agus trí leas a bhaint as na cainéil sin, lena n-áirítear deiseanna a shainaithint le haghaidh tuilleadh tairiscintí digiteacha.

iii. Tionchar agus éifeachtacht ár dtathanta a mhéadú, lena n-áirítear trí shainaithint a dhéanamh ar dheiseanna faisnéis agus treoir a sholáthar maidir le saincheisteanna tráthúla agus ábhar a chruthú agus a sholáthar atá curtha in oiriúint do spriocphobail shonracha, agus trí leas a bhaint as na deiseanna sin.

iv. Dul chun cinn a dhéanamh ar ár stádas mar ghlór atá aitheanta agus a bhfuil meas air i réimse na rialála agus an fhorfheidhmiúcháin.

v. Leanúint dár gcaidrimh lenár gcuid piaraí, contrapháirtithe agus comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a neartú.

## Bunspriocanna inghnóthaithe:

- Láithreacht eagraíochtúil fheabhsaithe, a bhaintear amach trí chumarsáid atá éifeachtach agus a bhfuil tionchar aici.
- Geallsealbhóirí eolacha atá cumasaithe chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh agus atá cumhachtaithe chun a gcearta a fheidhmiú.
- Láithreacht mar ghlór atá aitheanta agus údarásach agus a bhfuil meas air i réimse dhlí na gcuideachtaí agus i réimse an fhorfheidhmiúcháin.
- Caidrimh neartaithe lenár bpiaraí, lenár gcontrapháirtithe, agus lenár gcomhpháirtithe.

# Sprioc Straitéiseach 3 – Infheistiú i ndaoine

Cuspóir: Stádas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach mar roghfhostóir a fheabhsú tuilleadh trí shástacht foirne a mhéadú, trí éagsúlacht, cothromas, agus cuimsiú a chothú, trínár luachthairiscint a chur chun cinn do bhaill foirne ionchasacha, agus trí leanúint d'infheistiú in oideachas, in oiliúint agus i bhforbairt.

**TIONCHAR MÉADAITHE AGUS BREISLUACH MÉADAITHE TRÍ INFHEISTIÚ I NDAOINE**

- Stádas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach mar roghfhostóir a fheabhsú
- Éagsúlacht, cothromas, agus cuimsiú a chothú
- Infheistiú in oideachas, in oiliúint, agus i bhforbairt

## Gníomhartha tosaíochta:

i. Straitéis nua Acmhainní Daonna a chur chun feidhme, agus béim ar leith á leagan ar na nithe seo a leanas:

- caighdeáin éifeachtacha feidhmíochta agus bhainistíochta lena léirítear ár mbunluach arb éard é gairmiúlacht,
- daoine tallannacha a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil, agus pleanáil éifeachtach chomharbais a dhéanamh,
- conairí inmheánacha gairme a fhorbairt, agus ár mbaill foirne a chumasú chun dul in iomaíocht go héifeachtach le haghaidh deiseanna ardú céime,
- cultúr a leabú ina spreagtar daoine ar gach leibhéal chun saintréithe ceannaireachta a léiriú agus ina n-éilítear orthu déanamh amhlaidh, lena n-áirítear gairmiúlacht, ionracas, meas ar ár n-oibleagáidí rúndachta, breithiúnas fónta, tiomantas do cháilíocht agus d'ardchaighdeáin, agus tacú lena chéile, agus a chéile a thabhairt chun cuntais,
- ár gcuid dualgas agus oibleagáidí maidir le cearta an duine agus comhionannas, lena n-áirítear trí ghlacadh le luachanna na héagsúlachta, an chothromais agus an chuimsithe agus iad a leabú.

ii. Ár bplean gníomhaíochta um iniúchadh cultúir a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear díriú ar shástacht foirne a thomhas agus a rianú trí shuirbhéanna bliantúla foirne a thabhairt isteach d'fhonn eispéireas fhostaithe an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bharrfheabhsú.

iii. Straitéis nua Foghlama agus Forbartha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus béim ar leith á leagan ar ár dtiomantas leanúnach d'infheistiú in oiliúint agus forbairt, in oideachas, i bhfeabhsú scileanna, agus in ardchaighdeáin agus cáilíocht a léiriú.

iv. Féachaint le dul chun cinn a dhéanamh ar chláir shaincheaptha foghlama a fhorbairt i gcomhar lenár gcomhpháirtithe.

## Bunspriocanna inghnóthaithe:

- Cultúr feidhmíochta ina ndéantar luachanna na gairmiúlachta, an ionracais agus na n-ardchaighdeán a fhorbairt agus a chothú, agus ina n-éilíonn daoine ar dhaoine eile na caighdeáin sin a chomhlíonadh.
- Timpeallacht ina gcuirtear luachanna na héagsúlachta, an chothromais agus an chuimsithe chun cinn go gníomhach agus ina nglactar go gníomhach leo.
- Foireann oifigeach a bhfuil ardleibhéal oideachais, oiliúna, scileanna agus inniúlachta aici.
- Leibhéil mhéadaithe sástachta foirne.
- Cloí leis na caighdeáin rialachais, bainistíochta airgeadais agus bainistíochta riosca is airde agus le hardchaighdeáin chomhlíonta i ndáil leis na hoibleagáidí is infheidhme maidir le gníomhaireacht Stáit.
- Luachthairiscint láidir aitheanta dóibh siúd atá ag smaoineamh ar ghairm linn.

5

# Ár straitéis a chur i gcrích

Cuirfimid ár straitéis i gcrích trí shraith Clár Oibre bliantúil. Leagfar amach sna cláir sin na gníomhartha is gá chun éifeacht a thabhairt don straitéis, mar aon le táscairí feidhmíochta gaolmhara. Déanfaidh Comhaltaí an Údaráis faireachán agus formhaoirseacht ar chomhlíonadh na spriocanna a leagaimid síos dúinn féin agus tabharfaimid tuairisc ar ár ngníomhaíochtaí faoin Ráiteas Straitéise seo sna Tuarascálacha Bliantúla uainn.



6

# Cearta an duine agus comhionannas – an dualgas earnála poiblí



De réir an Achta fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc, agus cosaint a thabhairt do chearta an duine atá ag a gcuid fostaithe, custaiméirí, agus úsáideoirí seirbhíse. Ar na daoine sin de gheallsealbhóirí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a thagann faoi raon feidhme an dualgais sin tá ár mbaill foirne, ár soláthraithe earraí agus seirbhísí, agus iad siúd a soláthraímid seirbhísí dóibh (lena n-áirítear daoine atá ag déanamh gearán leis an eagraíocht). Ar na daoine eile a chumhdaítear leis an dualgas sin tá daoine a d'fhéadfadh a bheith faoi imscrúdú ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach nó a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar do ghníomh forfheidhmiúcháin ar shlí eile.

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tiomanta do chloí leis an dualgas sin agus dá chomhlíonadh. Ina theannta sin, tá comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi cheangal ag an reachtaíocht is infheidhme agus ag rialacháin, beartais agus nósanna imeachta an Gharda Síochána agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidhmeanna agus dualgas. Tá sé sin ábhartha go háirithe ina n-idirghníomhaíochtaí le gearánaigh, le híospartaigh na coireachta, le finnéithe, le hamhrastaigh, agus le daoine cúisithe.

Déanaimid ár ndícheall i gcónaí ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá cothrom agus measúil ar dhínit an duine agus a chinntiú go bhfuil na luachanna sin leabaithe inár ngnáthoibríochtaí laethúla agus go léirítear iad sa dóigh a ndéanaimid caidreamh lenár ngeallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne. Ár mbeartais inmheánacha, a athbhreithnítear chun freastal ar riachtanais agus ceanglais a bhíonn ag athrú i gcónaí, deartar iad agus tús áite á thabhairt do chaighdeáin um chearta an duine agus comhionannas.

## Gníomhartha

Thar shaolré an Ráitis Straitéise seo, déanfaimid measúnú ar ár mbeartais agus ar ár nósanna imeachta chun an tAcht a chomhlíonadh. Tabharfar aird sa mheasúnú sin ar chuspóir agus méid na heagraíochta agus ar na hacmhainní atá ar fáil di. I gcás gur gá, déanfaimid bearta chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid an tAcht. Táimid tiomanta freisin do luachanna na héagsúlachta, an chothromais agus an chuimsithe a chothú agus a chur chun cinn, mar atá léirithe sa Ráiteas Straitéise seo.

## Tuairisciú

Thar shaolré an Ráitis Straitéise seo, tabharfaimid tuairisc ar ár ngníomhaíochtaí agus ar ár ngníomhartha sna Tuarascálacha Bliantúla uainn.

CEA
Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

**An tÚdarás Um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
16 Cearnóg Parnell Thoir, Baile Átha Cliath 1, D01 W5C2, Éire

Fón: +353 (0)1 858 5800
Ríomhphost : info@cea.gov.ie